

...quar tenore intellexi dñm deputat' n' p' p'spere venire ad regni hui' gub
...ant' n' suscipere. Hanc magnopere gratulor suam dñaroem hui' mod' p' b'
...iam acceptare et p'or deñ maximu' optinu' ut p'spere et feliciter sibi suc
...dat in o'ibus n' m' q' possim exp'mere q' quod eiq' p'decessor m'gr Nicholau'
...aldus p' suo temp'e se in gubernamie Regni bene gerebat. Quam
...nt ad alia contenta dñat' t'ia q' q'ntu' ad querelas que dudu' scripsi
...ad dñm Justitiarum et ad alia int' nos agenda michi videtur plurimu' con
...re quod dñs deputat' veniat ad dñdalle q'nto febru' et ego sup'is fa
...entibus
...ngliran



COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN



...entibus veniam adg'fines. Et tñr sna dñaro exannabit o'ia facta int'
...ngliran
...nssah n'ulir noie regine maie f'at' et in futurum ordinem suscipiat p'
...b'fernat'oe at' approbar'oe dñte p'at' at'q' finem imponat h'is que maie
...at' regine suo dñaro' q'missit q'ntu' ad o'ia negotia que missi p'derant
...ardmarhamu' ad suam celeritudinem Et optinem ut tñr m'gr Cussah
...sens' esset q'm ip'e o'ia p't exp'me que ad formam p'at' attineat et sic
...optime et p'spere valeant v'ie dñaro'eb' Ex Roul'

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2013

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN

45 Cearnóg Mhuirfean

Baile Átha Cliath 2

www.irishmanuscripts.ie

Clár na nÁbhar

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH	2	Tuairim ar na ráitis airgeadais	19
Réamhrá	3	Ábhair a n-éilítear orainn le hAchtanna	
Boird, coistí agus fochoistí	5	na gCuideachtaí, 1963 go 2013, tuairisciú orthu	19
<i>Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán</i>	5	Ábhair a n-éilítear orainn tuairisciú orthu	
<i>Coiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana</i>	5	de réir eisceachta	20
An Fhoireann	6		
Seirbhísí	6	CUNTAIS INIÚCHTA	21
<i>Seirbhís náisiúnta comhiomlánóra – Europeana</i>	7	An Cuntas Ioncaim Agus Caiteachais	22
‘ <i>Leaganacha Digiteacha</i> ’ CLÉ	7	An Clár Comhardaithe	23
Foilseacháin	8	An Ráiteas Sreabhaidh Airgid	24
<i>Léacht Eoin Mhic Néill, 2012</i>	8		
<i>Analecta Hibernica, uimh. 44</i>	8	NÓTAÍ A GHABHANN	
<i>The great parchment book of Waterford (athchló)</i>	8	LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	25
<i>Register of St Saviour’s Chantry of Waterford</i>	9	1. Beartais Chuntasaíochta	25
<i>Letterbook of George, 16th earl of Kildare</i>	9	1.1. Bonn a n-ullmhaithe	25
<i>Verse travesty in Restoration Ireland: the Purgatorium</i>		1.2. Ioncam	25
<i>Hibernicum and the Fingallian Travesty</i>	9	1.3. Sócmhainní seasta inlámhsithe agus dímhéas	25
<i>The letterbook of Richard Hare, Cork merchant,</i>		1.4. Stoc	25
<i>1771–1772</i>	9	1.5. Pinsin	25
Pleanáil do 2014	10	1.6. Cáin	25
Seoltaí	10	1.7. Deontais rialtais	25
Cúrsaí Airgeadais	11	2. Ioncam	25
		3. Deontais ón Roinn Ealaíon,	
FAISNÉIS CHUIDEACHTA	12	Oidhreacht agus Gaeltachta	25
		4. Barrachas don bhliain	26
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	14	5. Fostaithe	26
Príomhghníomhaíochtaí, athbhreithniú gnó		6. Costais pinsean	26
agus forbairt amach anseo	15	7. Sócmhainní inlámhsithe	26
Príomhghníomhaíochtaí	15	8. Stoc	27
Athbhreithniú Gnó	15	9. Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh	
Forbairt amach anseo	15	dlite laistigh de bhliain amháin	27
Torthaí	15	10. Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh	
Taighde agus forbairt	16	dlite laistigh de bhliain amháin	27
Staid ghnóthaí na cuideachta	16	11. Ioncam iarchurtha	27
Stiúrthóirí agus a leasa	16	12. Cúlchistí cothromais	27
Deonacháin pholaitiúla	16	13. Réiteach an ghlanathraithe ar chistí	27
Freagrachtaí na stiúrthóirí	16	14. Ranníocaíocht chaipitiúil	27
Leabhair chuntas	16	15. Idirbhearta páirtithe bainteacha	28
Príomhrioscaí agus príomh-neamhchinnteachtaí	17	16. Máthairghnóthas deiridh	28
Iníúcháirí	17	17. Faomhadh na ráiteas airgeadais	28
		TUAIRISC BHLIANTÚIL AR AN	
TUARASCÁIL NEAMHSPLEÁCH		ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2013	28
NA nINIÚCHÓIRÍ	18	Forbhreathnú ar an Úsáid Fuinnimh in 2013	28
Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iníúcháirí		Feidhmíocht ó thaobh fuinnimh de	28
faoi seach	19		
Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais	19		

Tuarascáil an Chathaoirligh

Réamhrá

Bhuanaigh W. T. Cosgrave, Uachtarán na hArd-Chomhairle, Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) i 1928 agus corpraíodh ina chuideachta faoi theorainn ráthaíochta é ar an 24 Eanáir 2006.

Is iad príomhthearmaí tagartha an choimisiúin ná príomhfhoinsí — in úinéireacht phoiblí agus phríobháideach — a scaipeadh, a chaomhnú agus a chur chun cinn, ar mhaithe le hoidhreacht chultúrtha na hÉireann. Sa *Phlean Forbartha Straitéiseach, 2012-2016*, athdhearbhaíonn an Coimisiún gur mian leis comhairle a thabhairt don rialtas a bheidh mar threoir do pholasaithe a bhaineann le cúram, caomhnú agus scaipeadh, in Éirinn agus thar lear, na mbunábhar foinse atá riachtanach le scéal na hÉireann agus scríobh na staire sin, a thuiscint.

Le linn 2013 bhí an Coimisiún i ndlúth-theagmháil leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (R/EOG) agus í i mbun struchtúir nua a chur i bhfeidhm do Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Bhí an Coimisiún fós daingean ina thiomantas dá phríomhthascanna, mar fhoilsitheoir na mbunábhar agus na lámhscríbhinní agus mar chomhairleoir ar chaomhnú oidhreacht dhoiciméadach na hÉireann, a neadú sna struchtúir nua rialachais. Tá súil ag an gCoimisiún go ndéanfar a shaothar agus a fhéiniúlacht a chosaint sna socrúithe nua rialachais atá á n-ullmhú. Maidir leis seo, tugann an Coimisiún dá aire rún dearbhaithe an rialtais go gcoinneoidh an Coimisiún a fhéiniúlacht ar leith (an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, *Athchóiriú na seirbhíse poiblí 17 Samhain 2011*, Aguisín II: Cuíchóiriú na nGníomhaireachtaí Stáit, lch. 7).

Mar chuid dá théarmaí tagartha ginearálta déanann Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann iarracht rochtain ar ábhar foinse do stair, do chultúr, agus d'oidhreacht na hÉireann a chur chun cinn. Mar thacaíocht do chuspóirí straitéiseacha an CLÉ a bhaineann le rochtain (mar atá leagtha síos sa *Phlean Forbartha Straitéiseach, 2012-2016*) agus sa tionscnamh rialtais, Tóstal Éireann, in Eanáir 2013 thug CLÉ cóipeanna de chúig fhoilseachán do na seirbhísí cartlainne seo, Cartlann Chontae an Chláir, Cartlann Chathair agus Chontae Chorcaí, Seirbhís Cartlainne Chathair Dhoire, Seirbhís Cartlainne Chomhairle Contae Dhún na nGall, Cartlanna Chathair Baile Átha Cliath, Cartlanna Fhine Gall, Seirbhís Cartlainne Chontae na Gaillimhe, Cartlanna agus Leabharlann Chontae Chiarraí, Cartlanna Chathair Luimnigh, Seirbhís Cartlainne Chontae an Longfoirt, Seirbhís Cartlainne Chontae Lú, Cartlann Chontae Thiobraid Árainn Theas, Cartlanna Chathair Phort Láirge, Cartlann Chontae Phort Láirge, Seirbhís Cartlainne Loch Garman, Cartlanna Chontae Chill Mhantáin. Bronnadh na teidil seo a leanas: *The Convert Rolls—the calendar of the Convert Rolls, 1703–1838*, eagrán 2, curtha in eagar ag Eileen O’Byrne agus Anne Chamney le liosta anótáilte an Athar Wallace Clare de na hiompaitheoirí 1703–78; *The census of Elphin, 1749*, curtha in eagar ag Marie-Louise Legg; *A Census of Ireland circa 1659 with essential materials from the Poll Money Ordinances, 1660–1661*, curtha in eagar ag Séamus Pender le réamhrá nua le William J. Smyth; *Court of Claims: Submissions and Evidence, 1663*, curtha in eagar ag Geraldine Tallon; agus *The Irish Commission of 1622. An investigation of the Irish Administration, 1615–22, and its consequences, 1623–24*, curtha in eagar ag Victor Treadwell. Tá eolas thar a bheith luachmhar sna heagráin seo do sheirbhísí staidéir áitiúil agus do staraíthe áitiúla, go háirithe taighdeoirí ar stair mhuintire. Tá súil go mbeidh na foilseacháin seo áisiúil mar thaca do sheirbhísí ginealais sna cartlanna réigiúnacha sna blianta amach romhainn.

Dé Céadaoin, an 13 Márta, thug an Dr. Thomas Mohr ó Scoil Dlí COBÁC an 28ú Léacht Hugh M. Fitzpatrick ar Bhibleagrafaíocht Dlí, a tionóladh i gcomhpháirt le Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Bhí an léacht dar teideal, ‘An mionn i mbunrecht Shaorstáit Éireann’ bunaithe ar dhá cháipéis faoi





úinéireacht phríobháideach, ceann acu ó láimh W. T. Cosgrave Meán Fómhair 1922, an ceann eile ó P. J. Little i 1927. Bhain a raibh i láthair taitneamh as an léacht agus tógadh ceisteanna ón lucht éisteachta ina dhiaidh. Ba í Caitriona Crowe, MRIA, Ceannaire ar Thionscadail Speisialta ag Cartlann Náisiúnta na hÉireann, an cathoirleach.

I rith 2013, ar iarratas ón R/EOG, lean CLÉ den obair mar chomhiomlánóir ábhair do thairseach oidhreachta cultúrtha Europeana (www.europeana.eu) agus lean freisin d'fhreastal ar chruinnithe an Ghréasáin Europeana. Déantar cur síos níos iomláine ar seo sa mhír ina bpléitear Seirbhísí thíos (*an tSeirbhís náisiúnta comhiomlánóra — Europeana*, lch. 7).



Tá ionadaíocht ag CLÉ ar Ghrúpa Stiúrtha Acmhainn Chartlainne na hÉireann (www.iar.ie), seirbhís ghréasáin a chuireann ar chumas cartlanna ar fud na hÉireann a gcuid bailiúchán atá oiriúnach do ISAD(G)- a uaslódáil go tairseach ghréasáin. Le tairseach Acmhainn Chartlainne na hÉireann is féidir bailiúcháin chartlainne na hÉireann a chuardach thar roinnt cnuasach éagsúla faoi mar is féidir le seirbhís an A2A sa RA. I gcaitheamh 2013, bhí Acmhainn Chartlainne na hÉireann ag plé leis na meáin shóisialta (#iar_ie ar Twitter) agus rinne iniúchadh freisin a fhéachaint arbh indéanta a bheith mar bhall de APEX APEX — gréasán sármhaitheasa Thairseach Chartlanna na hEorpa (the Archives Portal Europe), — is ea an creat do chartlanna na hEorpa lenar féidir leo comhoibriú ar mhaithe le rochtain níos fearr agus níos leithne a fháil ar a gcuid gréasán, trí Thairseach Chartlanna na hEorpa a bunaíodh cheana (www.archivesportaleurope.net). Tá cúnaimh gearrthéarmach airgeadais faighte ag Acmhainn Chartlainne na hÉireann ón R/EOG agus tá cartlannaí fostaithe aige ar chonradh sealadach le bheith ag obair le seirbhísí cartlainne le go mbeidh breis ábhar sa tairseach. Tá athdhearadh á dhéanamh ar chomhéadan tairisí an Acmhainn Chartlainne na hÉireann tar éis aiseolas a fháil ó úsáideoirí.



Chabhraigh rannpháirtíocht an Choimisiúin ó 2008 san Oíche Chultúir go mór lenár gcuspóir go bhfeicfeadh an pobal dóibh féin, obair, baill agus foilseacháin an CLÉ. Ar an 20 Meán Fómhair 2013 tugadh deis do chuaríteoirí ar 45 Cearnóg Mhuirfean a éisteacht le caint ghairid le léaráidí ar obair an Choimisiúin, féachaint ar thaispeántas foilseachán, agus le dul i gcomhairle le baill an CLÉ (James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Deirdre McMahon, Mary O'Dowd and Dáibhí Ó Cróinín) a bhí i láthair chun ceisteanna a fhreagairt faoi eagrán de na príomhfhoinsí agus chun comhairle a thabhairt dóibh faoi na gnéithe fairsinge a bhaineann le caomhnú agus le coinneáil taifead. Rinne cuairteoirí suntas ar leith de mhisean CLÉ agus Chartlann Ailtireachta na hÉireann lena gcomhroinneann CLÉ 45 Cearnóg Mhuirfean. Bhí an-éileamh ar rannóg na bhfoilseachán meánaoiseach de CLÉ agus bhí an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín (OÉ Gaillimh), ar dheis, ann lena mhíniú an tábhacht atá leis na cáipéisí a bhaineann le Naomh Pádraig i bhfacsamhail de Leabhar Ard Mhacha, agus seandacht agus tábhacht Leabhar Uí Máine freisin. Cuireadh an-spéis freisin san earnáil ginealais, a bhfuil leathnú déanta le déanaí air, agus bhí Máire Mac Conghail, Deirdre McMahon (OL) agus Professor Mary O'Dowd (QUB) i láthair chun ceisteanna a fhreagairt maidir le taifid mhuintire a chaomhnú. Bhain an-chuid de na cuairteoirí, agus iad ag cur deireadh lena dturas thart ar an gCeathrún Sheoirseach Theas, an-taitneamh as léachtaí gairide ar obair Choimisiúin Lámhscríbhinní na hÉireann a thug an Dr. Michael Kennedy (ARÉ) agus an tOllamh James Kelly (OCBÁC).

Thug an Oíche Chultúir deis dúinn bileog chomhairle CLÉ ar chaomhnú taifid, a chur chun cinn. Tá an bhileog seo dírithe ar dhaoine ar suim leo taifid a muintire a chaomhnú, agus tá súil go méadóidh sí ar fheasacht an phobail ar na hEagrán Dhigiteacha (a bhfuil breis eolais fúthu sa mhír ar Sheirbhísí thíos — *Eagrán Dhigiteacha*, lch. 7).

Boird, coistí agus fochoistí

Is ó phobal acadúil agus ó institiúidí cultúrtha ar fud na hÉireann a thagann ballraíocht CLÉ. De ghnáth, ceaptar baill ar feadh thréimhse chúig bliana; faoi na hAirteagail Chomhlachais is é 21, líon iomlán na stiúrthóirí baill. Ag tús 2013 bhí 19 stiúrthóir baill ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Ag deireadh mhí Feabhra ceapadh Ms Frances McGee, Stiúrthóir Gníomhach Chartlann Náisiúnta na hÉireann, ar an gCoimisiún. I mí Mheán Fómhair chuaigh Mrs Aileen McClintock, Stiúrthóir agus Coimeadaí Cúnta na dTaifead, Oifig na dTaifead Poiblí, Tuaisceart Éireann (PRONI) ar scor óna post le PRONI, agus dá bharr sin ó CLÉ freisin. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Mrs McClintock as a tacaíocht don Choimisiún le linn a tréimhse agus as an obair thábhachtach a rinne sí leis an gCoiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana (CCFR). Ag deireadh 2013 bhí 19 stiúrthóir baill ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.

Ar 31 Nollaig 2013, bhí na 19 mball seo a leanas ar bhord Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann: James McGuire (Cathaoirleach); Nicholas Canny, OÉ Gaillimh; David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; David Edwards, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Chris Flynn, Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta; Greta Jones, Ollscoil Uladh; James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Michael Kennedy, Cáipéisí ar Pholasáí Eachtrach na hÉireann, Acadamh Ríoga Éireann; Máire Mac Conghail, John McCafferty, Fondúireacht Mhichíl Uí Chléirigh, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; Frances McGee, Stiúrthóir Gníomhach, Cartlann Náisiúnta na hÉireann; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach agus Ollscoil Luimnigh; Donal Moore, Cartlannaí Chathair Phort Láirge; Thomas O'Connor, OÉ Maigh Nuad; Dáibhí Ó Crónín, OÉ Gaillimh; Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh; Mary O'Dowd, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus Fiona Ross, Stiúrthóir, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Is baill oinigh den Choimisiúin iad seo a leanas: Francis J. Byrne, Louis Cullen, Geoffrey Hand agus Brian Trainor.

Bhí sé cinn de ghnáthchruinnithe ag an gCoimisiún in 2013 chomh maith leis an gCruinniú Cinn Bliana.

Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, ní bhíonn níos lú ná dhá bhall CLÉ ar Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta (CCN). In 2013 ba iad Máire Mac Conghail, Deirdre McMahon agus Jane Ohlmeyer baill an Choimisiúin ar CCN.

Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán

Is í feidhm an Bhuanchóiste moltaí foilseacháin a athbhreithniú de réir na gcritéar atá leagtha síos agus moltaí a thabhairt don Choimisiún iomlán de réir mar is cuí, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail foilseachán reatha. Ba iad baill an Choiste Eagarthóireachta agus Foilseachán in 2013: James McGuire (Cathaoirleach), Nicholas Canny, David Edwards, James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Dáibhí Ó Crónín, Mary O'Dowd agus Jane Ohlmeyer. Tháinig an coiste seo le chéile cúig huair le linn 2013 chun moltaí a cheadú agus chun dul chun cinn na dtionscadal foilseachán reatha a fhaire, a raibh 37 díobh ann ar an 31 Nollaig 2013.

Coiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana

Rinneadh foráil sa phlean forbartha straitéisí 2012-2016 do cheapachán Choiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana (CCFR). Ar a théarmaí tagartha bhí teagmháil le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha a bhfuil an dearcadh céanna acu, (ar a áirítear CNÉ; cartlannaithe cathrach agus contae; Cumann


Carlann agus Taifead, Éire; agus Grúpa Carlannaithe na nÚdarás Áitiúil) agus, más féidir, comhfheactais feasachta a dhearadh agus beartas náisiúnta a fhorbairt. Le Máire Mac Conghail mar chathaoirleach bhuail an CCFR le chéile trí huaire in 2013 (Eanáir, Aibreán agus Deireadh Fómhair) agus thug tuarasc don Choimisiún ina dhiaidh sin. D'imigh Aileen McClintock ar scor ó CLÉ agus ó CCFR agus d'fhág Ms Fiona Ross an CCFR i gcaitheamh 2013. I mí na Nollag 2013 ba iad baill an CCFR: Máire Mac Conghail (Cathaoirleach), Nicholas Canny, Michael Kennedy, John McCafferty, Deirdre McMahon, Donal Moore, Dáibhí Ó Cróinín agus Mary O'Dowd.

Tar éis dó forbairt a dhéanamh ar mhír na gCeisteanna Coitianta de láithreán gréasáin CLÉ, agus ar na bileoga eolais faoi chaomhnú na dtaifead a scaipeadh ar an Oíche Chultúir, in 2013 chuir an CCFR tús le suirbhé ar bheartais sheirbhíse cartlainne chun sean leabhair rolla na scoileanna a chaomhnú. Tá sé le tuiscint ó na freagraí a fuarthas faoi dheireadh 2013, go bhfuil roinnt mhaith slite ann le déileáil le ceisteanna a bhaineann le caomhnú na leabhar rolla agus déanfar a thuilleadh oibre sa réimse seo in 2014.

Tá baill CCFR le moladh as a saothar luachmhar i gcur chun cinn shainchúraim CLÉ maidir le feasacht a mhéadú faoin tábhacht a bhaineann le caomhnú na mbunfhoinisí don todhcháif.

An Fhoireann

Tá duine amháin fostaithe go lánaimseartha ag an gCoimisiún, an Dr. Cathy Hayes, a ceapadh in Iúil 2006. In 2013 thug Ms Judith Francis agus Ms Eva Kelly cabhair riaracháin ar bhonn conartha le haghaidh seirbhísí.



Seirbhísí

Bhí CLÉ fós ag fáil glaonna fóin agus ceisteanna ríomhphoist ó ghach cearn den domhan. Rinneadh iad seo a bhainistiú faoi théarmaí ar gCairt Chustaiméara. Cuireann láithreán gréasáin CLÉ roinnt seirbhísí ar fáil d'úsáideoirí: díol ar líne fhoilseacháin CLÉ; cóipeanna digiteacha inchoardaithe de shaothair CLÉ atá as cló; faisnéis agus pointe teagmhála do ról CLÉ mar chomhiomlánóir do thairseach Europeana; taisceadh ar líne de mholtaí foilseacháin; agus PDFanna ar féidir iad a íoslódáil don chatalóg leabhar is déanaí de chuid CLÉ, tuarascála bliantúla, pleananna forbartha straitéisí agus cáipéisí polasaí. Déanfaidh CLÉ athbhreithniú ar dhearadh a láithreán gréasáin in 2014 le barr feabhais a chur ar sheachadadh na seirbhísí seo agus lena bhforbairt.

Chuir CLÉ lena chuid gníomhaíochta ar na meáin shóisialta le linn 2013. Mhéadaigh go mór an líon daoine a leanann CLÉ ar Twitter agus mhéadaigh freisin a chuid gníomhaíochta ar Facebook i mbliana. Lean CLÉ de chaidreamh a chothú le pobail úsáideoirí nua tríd na meáin shóisialta seo, agus thug sé aghaidh freisin ar an éileamh ar shlite nua chun feasacht a chur chun cinn ar fhoilseacháin CLÉ agus ar obair eile an Choimisiúin maidir le taifid a chaomhnú.

Dáileadh catalóg foilseacháin 2013-2014 agus bileoga eolais faoi CLÉ agus faoi chaomhnú taifead ag roinnt comhdhálacha agus imeachtaí ar son CLÉ; Gabhaim mo bhuíochas do Mháire Mac Conghail agus do David Edwards as seo. Cuireann an catalóg leis an bhfeasacht ní amháin ar fhoilseacháin CLÉ atá ar díol cheana féin, ach ar fhoilseacháin atá le teacht, ar Eagráin Dhigiteacha CLÉ agus ar eagráin atá pleanáilte do Dheich mBliana na gCuimhneachán freisin.

Lean CLÉ d'fhógraíocht a dhéanamh in *History Ireland*, agus in *Family Directory Fhondúireacht Staire Uladh* agus turasanna bóthair ginealais go dtí SAM. Creidimid go bhfuil tábhacht fós leis na foinsí seo chun foilseacháin nua CLÉ a chur chun cinn i measc gineolaithe agus daoine eile ar spéis leo stair na hÉireann.

Cuireadh fógraí aonuaire in *Irish Arts Review* agus *Books Ireland* le go gcothófaí lucht léite nua d'fhoilseacháin CLÉ.

Seirbhís náisiúnta combiomlánóra — Europeana

Tá Seirbhís Náisiúnta Comhiomlánóra CLÉ do institiúidí cultúrtha ar an bhfód ó thús 2010. Tháinig fás ar an ábhar a chuir institiúidí cultúir Éireannacha ar fáil do Europeana in 2013 le hábhar ó Institiúid Scannánaíochta na hÉireann (físeán), ó Chartlann Cheol Traidisiúnta na hÉireann (fuaim, fíis, téacs), cnuasach ar leith d'fhíseáin ina dtaispeántar clódóirí i mbun comhrá faoi na clóphreasanna agus a n-úsáid ón Músaem Náisiúnta Cló chomh maith le hábhar fairsing, saibhir ó Fhardsal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta. Tríd is tríd cuireadh c. 40,000 ábhar nua digiteach i dtairseach Oidhrecht Cultúrtha na hEorpa faoi dheireadh na bliana.

Thug tionscadal Fhaireachlann na nDaonnachtaí Digiteacha Acadamh Ríoga na hÉireann (DHO) agus Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil (ICHEC) tacaíocht theicniúil don tseirbhís náisiúnta combiomlánóra le linn 2013.

Mar a dúirt mé cheana, tá sé tábhachtach go leanfar de fheasacht ar an ardán suntasach Eorpach seo a mhéadú i measc phobal oidhrecht chultúrtha na hÉireann mar chuid de chomhrá is leithne faoin tslí is fearr le hábhar cultúrtha a úsáid sa ré digiteach. Is mór is fiú próifíl oidhrecht chultúrtha na hÉireann a ardú i gcomhthéacs timpeallachta chuardaigh ilteangaí ar nós Europeana, agus a choinneáil suas leis na cainteanna atá ar siúl faoi láthair faoi shonraí cultúrtha digiteacha a ath-úsáid.

D'fhreastail Riarthóir CLÉ an Dr. Cathy Hayes ar chruinniú cinn bliana Lónra Europeana in Rotterdam (Nollaig 2013).

Tá CLÉ an-shásta a leanúint de thacaíocht a thabhairt don Roinn maidir le feasacht ar Europeana agus rannpháirtíocht ann a chur chun cinn in Éirinn.

'Leaganacha Digiteacha' CLÉ

Lean CLÉ ar aghaidh in 2013 le feabhas a chur ar a sheirbhís Leaganacha Digiteacha. Leanadh ar aghaidh le pleananna 70 teideal eile, ar eagrán aon imleabhair a bhformhór díobh, a chur leis na 43 teideal atá ar fáil faoi láthair lena léamh agus lena gcuardach ar líne. Tosaíodh ar an obair ar chomhéadan nua a chur ar na comhaid dhigiteacha agus a méid a athrú. Cuirfidh sé sin barr feabhais ar fheidhmiú an chomhéadain chuardaithe agus léimh, bunaithe ar sheirbhís 'léigh ar líne' na Cartlainne Idirlín. Cuirfear i bhfeidhm seirbhís a ligfidh do dhaoine cuardach a dhéanamh in eagrán digiteacha uile CLÉ.

Is é tuairim CLÉ gur cuid lárnach dá shainchúraim seirbhíse poiblí é an liosta cúil seo a dhigitíú, chun feabhas a chur le rochtain agus feasacht ar bhunfhoinní na lámhscríbhinní atá caomhnaithe aige. Leis na hinniúlachtaí agus na hacmhainní atá aige, tá sé i gceist ag CLÉ a sheacht ndícheall a dhéanamh teacht ar úinéirí an ábhair ar fad a úsáideadh ar chuid na n-Eagrán Digiteacha den láthair gréasáin, lena gceart a thabhairt dóibh. Tugann CLÉ cuireadh d'úinéir ó cheart ar bith a chreideann nár tugadh aitheantas dó ar láithreán CLÉ, nó a chreideann nár tugadh an aird chuí dá chóipcheart, teagmháil a dhéanamh le CLÉ ar ríomhphost ag support@irishmanuscripts.ie nó ar an bhfón ag + 353 1 676 1610.


Cé nach gcuirtear de ghnáth, na heagrán atá i gcló cheana féin ar fáil sna heagrán dhigiteacha den láithreán gréasáin, cuireadh bunachar sonraí inchuardaithe ar fáil beo i Meitheamh 2013 chun dul le heagrán 2012 le Liam Kennedy agus Clare Murphy de *The account books of the Franciscan House, Broad Lane, Cork, 1764–1921*. Tá an t-ábhar, a d'ullmhaigh Liam Kennedy agus Clare Murphy lena



fhoilsiú, ar fáil lena chuardach saor in aisce ar láithreán CLÉ agus is féidir teacht air, ar an leathanach ar a bhfuil an t-eagrán clóite. Cuireann an bunachar sonraí ar chumas na n-úsáideoirí cuardach a dhéanamh ar c. 40,000 taifead caiteachais an chlochair thábhachtaigh seo i gCorcaigh thar thréimhse 160 bliain ó Réabhlóid Mheiriceá go dtí an Chéad Chogadh Domhanda. Seans go mbeadh an foilsiú comhuaineach ar líne seo ina bhuntáiste d'fhoinsí sonraí eile le struchtúr den saghas seo (i.e. sonraí táblacha).


Foilseacháin

Le linn 2013 foilsíodh ceithre eagrán nua de bhunfhoinsí mar aon le téacs Léacht Eoin Mhic Néill 2012, athchló faoi chlúdach bog d'eagrán CLÉ de *The great parchment book of Waterford* a céadfhoilsíodh in 2007 agus eagrán 44 de *Analecta Hibernica*.




The 2012 MacNeill Lecture

Foilsíodh an chéad *Eoin MacNeill Lecture* a thug Eamon Duffy, Ollamh le Stair na Críostaíochta in Ollscoil Cambridge agus comhalta de Choláiste Magdelene, ar an 8 Deireadh Fómhair 2012 i bhfoirm phaimfléid i mBealtaine 2013: *The 2012 Eoin MacNeill Lecture: The Reformation and the Grand Narrative*. Is léacht débhlíantúil é Léacht Eoin Mhic Néill a bhfuil i gceist leis, deis a thabhairt do lucht éisteachta anseo in Éirinn éisteacht le scoláirí clúiteacha ón iasacht is iad ag caint faoin bpáirt atá ag na cartlanna agus na bunfhoinsí i gcoitinne ina gcuid saothair. Tá an sraith léachtanna tiomnaithe d'Eoin Mac Néill a bhí ina Ollamh le Luath (ar a áirítear Meánaoiseach) Stair na hÉireann i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath (1909–41) agus ina Aire Oideachais (1923–5). Bhí sé ina chathaoirleach ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ó bunaíodh é i 1928 go dtí go bhfuair sé bás i 1945.



Analecta Hibernica, uimh. 44

Tá san eagrán is déanaí de shraitheachán CLÉ, tuarascáil don Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta do 2012 agus na páipéir seo a leanas: Céad eiriceach Bhaile Átha Cliath? Litir an Ardeaspag tofa Richard de Haverings go dtí Thomas de Chaddesworth maidir le Philip de Braybrook, 4 Meán Fómhair 1310 (Maeve B. Callan); Réamhrá páirt aistrithe go Béarla d'Fhoras Feasa ar Éirinn le Seathrún Céitinn ón seachtú céad déag (Marc Caball and Benjamin Hazard); Cuntas ar Chath Eachroma ó 'Poema de Hibernia' (Pádraig Lenihan and Mark Stansbury); Laoithe ó Chill Uisce: 1847 amhráin 'blackface' ar fhóirithint ón ngorta i dtuaisceart Chill Mhantáin (Magda Loeber and Rolf Loeber); Moladh Chaoimhín Uí Uigínn le haghaidh na démhonarcachta, 1926 (Deirdre McMahon); Tuarascáil Róisín Walsh ar thuras go dtí leabharlanna, ollscoileanna agus institiúidí Meiriceánacha eile, 1939 (Kate O'Malley).




The great parchment book of Waterford (athchló)

Foilsíodh an chéad eagrán de *The great parchment book of Waterford* faoi chlúdach cruu in 2007 agus tá sé as cló ó 2008. Eagrán faoi chlúdach bog is ea t-eagrán athchlóite seo agus bhí an díol chomh maith céanna air is a bhí ar an gcéad eagrán. Is taifead fíor eiseachtúil ar chathair bardais é an lámhscríbhinn seo, atá caomhnaithe i mbailiúchán Mhusaem Thaiscí Phort Láirge. Tiomsaíodh an chuid ba mhó de idir lár an chúigiú aois déag agus lár an tseachtú aois déag, tá ann leis, cóipeanna de thaifid a bhaineann le cathair Phort Láirge a théann siar go dtí tús an tríú aois déag. Tugann sé mar sin, cuntas cuimsitheach dúinn ar stair Phort Láirge ón ré mheánaoiseach suas go dtí na blianta suaitheacha a lean 1640. Scríofa

ar dtús sa bhFraincis Normannach, sa Laidin agus i mBéarla, tá aistriúcháin Bhéarla ar na téacsanna ar fad i leagan seo Niall Byrne, rud a mheallann lucht léite níos leithne go dtí an lámhscríbhinn luachmhar seo. Gné shuntasach de is ea na fóiliónna maisithe, a bhfuil macasamhail daite de na cinn is suntasaí díobh san eagrán athchlóite seo. Tugann siad pictiúir dúinn den achrann laistigh de phobal an bhardais a lean na hathruithe creidimh agus polaitíochta a tharla go déanach sa séú aois déag agus sa seachtú aois déag.


The register of St Saviour's Chantry of Waterford

Foilseachán iarbháis is ea é seo d'aistriúchán Niall J. Byrne ar *The register of St Saviour's Chantry of Waterford*. Is é seo an t-aon chlár amháin dá maireann de chantarlann mheánaoiseach in Éirinn agus tá sonraí inti ar ghnóthaí Ardeaglaise in Éirinn roimh an Reifirméisean. Don chuid is mó baineann na taifid leis an tréimhse sin idir 1468 agus 1482 cé go bhfuil taifid ó na tréimhsí roimhe agus ina dhiaidh sin ann leis. In an-chuid de na taifid tugtar sonraí achainíochta, ach tá trí uacht ann freisin ó údar an chláir meastar, an Déin John Collyn, chomh maith le hionchoisní faoi bhunús agus reachtanna Shionad Caisil 1172 le Collyn. Tar éis bháis Niall Byrne go luath in 2012, d'ullmhaigh a mhac Michael Byrne an t-eagrán seo lena fhoilsiú. Rinne Kenneth Nicholls athbhreithniú ar an aistriúchán.




Letterbook of George, 16th earl of Kildare

Curtha in eagar ag Aidan Clarke agus Bríd McGrath, is éard atá sa leabhar litreacha ná cóipeanna den chomhfhreas a fuair Seoirse Mac Gearailt (1612–1656/7). 16ú Iarla Chill Dara, ó 1628, nuair a bhí sé sé bliana déag d'aois, go 1634 le corr rud ina dhiaidh sin. Baineann na litreacha go príomha le cúrsaí a d'fhás as sealbhú Richard Boyle 1ú Iarla Chorcaí ar bhardas Sheoirse i 1629 agus a theacht in aois i 1633, ach is é tríd síos staid eastáit Chill Dara an príomhthéama. Tá an lámhscríbhinn bhunaidh i mbailiúcháin PRONI.




Verse travesty in Restoration Ireland: the Purgatorium Hibernicum and the Fingallian Travesty

Curtha in eagar ag Andrew Carpenter, le *Verse travesty in Restoration Ireland* cuirtear inár láthair dhá théacs liteartha ó aimsir an Reifirméisin in Éirinn nár déannadh iniúchadh orthu cheana. Cé gurb é atá sa *Purgatorium Hibernicum* (c. 1670) agus an *Fingallian Travesty* (1686) ná scigaithris ar Leabhar VI den Aeneid, tá siad an-éagsúil ó chéile. San eagrán seo de théacs an '*Purgatorium*' —an téacs is faide agus is spéisiúla díobh — cuirtear inár láthair é mar atá sé sa lámhscríbhinn, le línte suáilceacha Virgil cóipeáilte laistíos de gach alt den véarsaíocht gháirsiúil, áibhéileach, bréag-ghaelach, le breac-nótaí san imeall ina ndéantar na véarsaí i Laidin, i mBéarla agus i nGaeilge a mhíniú. Tá sa téacs Béarla-Iberneach féin, cumadóireacht theangeolaíoch nár taifeadh cheana chomh maith le gnéithe comhréire agus gramadaí a tugadh isteach ón mBéarla. Maidir leis an dara téacs 'Scigaithris Fhine Gall' nó an 'Fingallian Travesty', cé gurbh ón bhfoinse chéanna é agus an '*Purgatorium*', cumadh é do léitheoirí Shasana agus tugann sé chun solais roinnt de na nithe doiléire atá sa '*Purgatorium*'. Tá tagairt ann leis don tríú leagan den téacs, clóscríbhinn Londain i 1689 den *The Irish Hudibras*.



The letterbook of Richard Hare, Cork merchant, 1771–1772

Is beag atá fágtha de bhunábhar faoi chúrsaí tráchtála in Éirinn ón ochtú aois déag agus is é leabhar litreacha Hare an saothar is cuimsithí dá maireann ar ghnó easpórtála Chorcaí. Curtha in eagar ag James O'Shea, bunaíodh an leabhar




litreacha ar an lámhscríbhinn bhunaidh atá i *gCartlanna Chathair agus Chontae Chorcaí* agus is é seo an chéad uair a foilsíodh é. Sa leabhar litreacha ina bhfuil 843 litir ón tréimhse idir 1771 agus 1772 (le bearnaí anseo is ansiúd) tá taifead de chomhfhreagras Richard Hare le 265 duine, a bhformhór i Sasana (Londain, Briostó agus Learpholl) ach cuid acu freisin in Éirinn, na hIndiacha Thiar agus san Eoraip. Is bunfhoinse thábhachtach é an comhfhreagras seo don stair áitiúil, ginealas, beathaisnéis, eastáit mhóra, stair shóisialta agus eacnamaíoch, agus do mhic léinn an riaracháin ghnó.

Pleanáil do 2014

In 2013 rinne an Coimisiún promhadh ar thrí theideal thábhachtacha le hiliomad imleabhar lena bhfoilsíú in 2014. Is iad sin na cúig imleabhar de *Proclamations of Ireland, 1660–1820*, curtha in eagar ag James Kelly agus Mary Lyons; na chéad trí imleabhar den tsraith 1641 *Depositions*, curtha in eagar ag Aidan Clarke; agus *Correspondence of James Ussher, 1600–1656*, a rabhamar ag fanacht le fada air, curtha in eagar ag Elizabethanne Boran, beidh an leabhar seo ina eagrán scolártha deifnídeach de chomhfhreagras Ussher.

Seoltaí

Bhí ceithre sheoladh leabhair in 2013, dhá cheann i gCorcaigh, ceann amháin i bPort Láirge agus seoladh amháin i 45 Cernóg Mhuirfean inar seoladh dhá leabhar. Ba mhaith liom buíochas an Choimisiúin a chur in iúl do Chartlann Ailtireachta na hÉireann as cabhrú le na seoltaí seo agus imeachtaí eile a bhí ar siúl ag CLÉ sna seomraí ar an gcéad urlár i 45 Cearnóg Mhuirfean.




Déardaoin, an 2 Bealtaine sheol an Dr. Andy Bielenberg (COC) eagrán an Ollaimh Liam Kennedy agus an Dr. Clare Murpy de *The account books of the Franciscan house, Broad Lane, Cork, 1764–1921* i Seomra Caidrimh Choláiste na hOllscoile Corcaigh. Rinne an Dr. Bielenberg cur síos ar shaibhreas agus éagsúlacht an eolais atá le fáil sna buntaifid seo: b'fhéarr an pá a bhí ag buailteoir cloig páirtaimseartha ná mar a bhí ag formhór na n-oibrithé lánaimseartha; bhí codarsnacht an-mhór idir an bia a d'ití sa seachtú aois déag déanach agus an bia a d'ití go luath sa naoú aois déag ó thaobh cáilíochta agus éagsúlachta de; agus bhí leabharlann den scoth ag na bráithre ina raibh os cionn 2,700 nithe sna 1820idí. Mar fhreagra ar an Dr. Bielenberg, chuir an Dr. Joseph MacMahon, an scoláire clúiteach Proinsiasach a raibh le rá ag an Dr. Bielenberg i gcomhthéacs, ag tabhairt dár n-aire gur ghlac na bráithre chucu saol ní b'aiséití sa 19 haois. Ghaibh an tOllamh Liam Kennedy buíochas thar ceann na n-eagarthóirí leis an gComhpháirtíocht COBÁC-OFM as cead a thabhairt dóibh an t-eagrán seo a fhoilsíú.



Dé Luain, an 4 Samhain, sheol an tOllamh Emeritus Howard Clarke (COBÁC) *The register of St Saviour's Chantry of Waterford*, curtha in eagar ag an Dr. Niall Byrne agus Michael Byrne, i Halla na Cathrach, Port Láirge. Le linn an tseolta, leag an tOllamh Clarke béim ar thábhacht thaifead meánaoiseacha Phort Láirge — an clár atá aistrithe san eagrán seo san áireamh — sa chomhthéacs náisiúnta. Tar éis an tseolta thug Michael Byrne Léacht Cuimhneacháin Bliantúil Niall J. Byrne. Bhí an Coimisiún thar a bheith buíoch don Dr. Byrne as a bheith mar fhear tí roimh agus i ndiaidh an léachta. Díoladh an-chuid d'eagrán CLÉ ag an ócáid agus dearbhaíodh dúinn an cion mór atá ann do stair Phort Láirge agus do shaothar Niall J. Byrne, sa chathair is sine in Éirinn.

Dé Céadaoin, an 11 Nollaig sheol Ollamh Emerita Patricia Coughlan (COC) dhá eagrán CLÉ i 45 Cearnóg Mhuirfean: *Letterbook of George, 16th earl of Kildare*, curtha in eagar ag an Ollamh Aidan Clarke agus an Dr. Bríd McGrath chomh maith le eagrán an Ollaimh Andrew Carpenter's deVerse *Travesty in Restoration Ireland: the Purgatorium Hibernicum and the Fingallian Travesty*. Ag tagairt do luach staire an dá eagrán, chuir an tOllamh Coughlan leabhar litreacha Chill Dara i gcomparáid le húrscéal eipistileach luath nua-aoiseach.



Dé hAoine, an 13 Nollaig, rinne CLÉ an t-aistear go Corcaigh arís do sheoladh eagrán James O'Shea de *The letterbook of Richard Hare, Cork merchant, 1771–1772*. Is é ag seoladh an leabhair, mhol an tOllamh Dickson ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath saibhreas an eolais atá san fhoinsé agus d'inis dóibh siúd a bhí i láthair go raibh Hare ar dhuine de mhórchéannaithe deireanacha Chorcaí. San aitheasc a thug an t-eagarthóir, James O Shea, thug sé breac-chuntas ar shaol is ar shaothar Hare i gCorcaigh. Nuair a bhí mé ag cur clabhsúir le mo chuid cainte, chuir mé béim ar shaibhreas an eolais sna bunfhoinsí mar atá leabhar litreacha Hare, agus ar an tábhacht a bhaineann lena leithéidí a chaomhnú i gcló. Ba léir go raibh an lucht éisteachta ar aon tuairim liom agus b'iontach an ócáid í chun deireadh a chur le bliain iontach cló.



Cúrsaí Airgeadais

Mar a bhí sna blianta imithe tharainn, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhaoiniú a fuair CLÉ in 2013 ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (R/EOG). Gan an deontas i gcabhair a sholáthair an Roinn, ní fhéadfadh CLÉ a théarmaí tagartha a chomhlíonadh. Cuireann an maoiniú seo bonn faoi chlár foilseacháin CLÉ don bhliain dár gcionn.

Ba mhaith liom ómós a thabhairt do bhaill Aonaid na nInstitiúidí Cultúrtha i R/EOG a d'oibrigh le CLÉ ar son na Roinne in 2013, go háirithe an tUas. Chris Flynn, Ms Sharon Barry, an tUas. Colm Lundberg agus Ms Orlaith Gleeson. Táimid ag súil go mór lena leanúint den obair leis an Roinn chun téarmaí tagartha CLÉ a chomhlíonadh mar fhoilsitheoir bhunfhoinsí staire is cultúir na hÉireann chomh maith lena áit mar nasc tábhachtach idir pobal na hoidhreacht cultúir agus pobal na dtaighdeoirí daonnachta a fhorbairt.

Ba mhaith liom a chur ar an dtaifead an meas atá agam ar shaothar agus ar thiomantas, ón uair a ceapadh í in 2006, agus go háirithe in 2013, Riarthóir an Choimisiúin, an Dr. Cathy Hayes.

Le críochnú ní mór dom a rá arís an méid atá ráite agam i dtuarascálacha eile roimhe seo nach bhfaigheann baill CLÉ fócaíocht ar bith do ionchur fíor-riachtanach a saineolais phroifisiúnta in obair agus i bhfoilseacháin an Choimisiúin. Coimeádadh beo an traidisiún seirbhíse don scoláireacht agus don stát ó bunaíodh an Coimisiún i 1928.

James McGuire
Cathaoirleach
Feabhra 2014

Faisnéis Chuideachta

Stiúrthóirí

James Ivan McGuire (Cathaoirleach)
Nicholas Patrick Canny
David Dickson
David Edwards
Chris Flynn
Greta Jones
James Kelly
Michael Kennedy
Máire Mac Conghail
John McCafferty
Aileen McClintock (Ar scor 31 Lúnasa 2013)
Deirdre McMahon
Donal Moore
Thomas O'Connor
Dáibhí Ó Cróinín
Ruán O'Donnell
Mary O'Dowd
Jane Ohlmeyer
Fiona Ross
Frances McGee (Ceapadh ar an 28 Feabhra 2013)

An Rúnaí

Cathy Hayes

Uimhir chláraithe na cuideachta

414351

Uimhir chláraithe carthanais

CHY 17206

Oifig Chláraithe agus Seoladh Gnó

45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire.

Iníúcháirí

Duignan Carthy O'Neill
84 Bóthar Northumberland, Baile Átha Cliath 4

Banc

Banc na hÉireann
52 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tugann na stiúrthóirí a dtuarascáil agus a ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013.

Príomhghníomhaíochtaí, athbhreithniú gnó agus forbairt amach anseo

Corpraíodh an chuideachta ar 24 Eanáir 2006 agus thosaigh ag feidhmiú ar an dáta céanna.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) foilsíú i gcló agus ar líne na bhfoinsí lámhscríbhinní bunaidh do stair agus do chultúr na hÉireann. Ní fhoilseofaí murach sin iad ós rud é nach bhfuil sé inmharthana in aon slí ó thaobh tráchtála de. Tugann CLÉ mar ghníomhaireacht phoiblí, comhairle don rialtas, nuair is gá, ar chúrsaí a bhaineann go ginearálta leis na bunfhoinsí agus cuireann sé feasacht phoiblí agus institiúideach ar a dtábhacht chun cinn.

Athbhreithniú Gnó

I mí Mheán Fómhair 2011 ghlac CLÉ le Plean Forbartha Straitéisí don tréimhse 2012–2016. Leagadh síos sa phlean, straitéisí nua le fíis CLÉ a chur i gcrích, is é sin feasacht agus rochtain ar ábhair bhunfhoinsí do stair, do chultúr agus d'oidhreacht na hÉireann a chur chun cinn. Athdhearbhaíodh tosaíochtaí straitéiseacha CLÉ bunaithe ar: feasacht agus rochtain ar na bunfhoinsí a fheabhsú; leanúint mar shainchomhairleoir ar chúrsaí a bhaineann le lámhscríbhinní agus le bunfhoinsí i gcoitinne; agus a liosta cúil a dhigitiú is é ag plé ag an am céanna le caomhnú fadtéarmach na bhfoinsí digiteacha a cruthaíodh.

Forbairt amach anseo

Mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha Straitéiseach is déanaí, leanfaidh CLÉ dá chuid acmhainní a thabhairt d'fhoilsíú príomhfhoinsí lámhscríbhinní. Leanfaidh sé freisin de chaomhnú príomhfhoinsí ó gach ré a chur chun cinn, agus feasacht phoiblí ar an ngá le cáipéisí agus le comhfhreagras na linne seo a chaomhnú, go háirithe trí shaothar an Choiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana; is iad na taifid seo a bheidh ina bpríomhfhoinsí do staraithe a bheidh ag déanamh taighde ar an 21ú haois amach anseo. Ag teacht lena shainchúraim seirbhíse poiblí, bainfidh CLÉ feidhm as teicneolaíochtaí nua-aimseartha le heagráin leictreonacha dá liosta cúil a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin agus ar thairseacha oiriúnacha oidhreachtachta cultúrtha, idir náisiúnta agus Eorpach. Cuirfear foilseacháin de chuid CLÉ nach bhfuil i gcló a thuilleadh ar fáil d'úsáideoirí i gcéin is i gcóngar saor in aisce.

Torthaí

B'ionann an barrachas don bhliain, tar éis foráil a dhéanamh don dímhéas, agus €60,035 (2012 – €31,352). Bhí dhá mhórsraith il-imleabhar á dtáirgeadh in 2013 agus bhí siad le foilsíú roimh dheireadh na bliana, ach foilseofar anois iad go luath in 2014.

Molann na stiúrthóirí an barrachas seo a choinneáil le tionscadail a mhaoiniú sna blianta amach romhainn.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

de chuid

Choimisiún Lámhscríbhinní

na hÉireann Teoranta

*don bhliain dar críoch 31 Nollaig
2013*

Taighde agus forbairt

Níor tabhaíodh aon chostas taighde agus forbartha i gcaitheamh na bliana.

Staid ghnóthaí na cuideachta

I dtuairim na stiúrthóirí, tá staid ghnóthaí na cuideachta sásúil agus níl aon athrú ábhartha tagtha ar an staid seo ó dháta an chláir chomhardaithe i leith.

Stiúrthóirí agus a leasa

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl aon scairchaipiteal aici dá bhrí sin. Geallann gach comhalta den Chuideachta go gcuirfidh sé/sí le sócmhainní na Cuideachta sa chás go ndéantar í a fhoirceannadh agus é/i ina c(h)omhalta nó laistigh d'aon bhliain amháin tar éis dó/di scor de bheith ina c(h)omhalta chun a leithéid de shuim a bheadh ag teastáil, ach suim nach mó ná aon euro amháin, a foc as fiachais agus as dliteanais na Cuideachta, a ndearnadh na conarthaí ina leith sular scoireadh dá c(h)omhaltas, as na costais agus táillí a bhaineann leis an bhfoirceannadh agus as cearta na rannfóicéirí ina measc féin a athrú.

Beidh gach stiúrthóir i seilbh oifige ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana, tráth a mbeidh sé/sí incháilithe lena (h)athcheapadh. Fónann na stiúrthóirí uile i gcáil thoildeonach.

Deonacháin pholaitiúla

Ní dheara an chuideachta aon deonachán polaitiúil le linn na bliana.

Freagrachtaí na stiúrthóirí

Éilítear ar na stiúrthóirí le dlí na gcuideachtaí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ina dtugtar léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar bharrachas nó ar easnamh na cuideachta sa bhliain sin. Agus na stiúrthóirí ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, éilítear orthu:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé neamhfhoirsteanach talamh slán a dhéanamh de go leanfar d'fheidhmiú na cuideachta.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád a nochtann staid na cuideachta ó thaobh airgeadais de ag aon am le cruinneas réasúnach, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Tá siad freagrach as sócmhainní na cuideachta a chosaint chomh maith agus, mar sin, as gach beart réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Leabhair chuntas

Is iad na bearta atá déanta ag na stiúrthóirí le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 maidir le leabhair iomchuí chuntas a chinntiú cur i ngníomh beartas agus nósanna imeachta riachtanacha le hidirbhearta a thairféadhadh, fostú pearsanra cuntasaíochta inniúil a bhfuil an saineolas cuí acu agus cur ar fáil acmhainní imleora don fheidhmeannas airgeadais. Coinnítear na leabhair chuntas ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Príomhrioscaí agus príomh-neamhchinnteachtaí

Is iad na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh cur isteach ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann briseadh i maoiniú ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus an cónascadh beartaithe leis an Leabharlann Náisiúnta. Faigheann Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann buiséad bliantúil a chuireann ar a chumas a phríomh-shainchúram a chomhlíonadh, ach ní mór dúinn a choinneáil i gcuimhne go bhfuil a leithéid de mhaoiniú i mbaol i gcónaí, go háirithe anois agus an geilleagar mar atá. Ní cinnte go fóill cé na hiarmhairtí a bheadh ag cónascadh beartaithe Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann le struchtúr níos mó ar a fheidhmiú, cé go dtuigtear go mbeadh an ról mar chomhlacht neamhspleách a dhéanann maoirsiú ar fhoilsiú príomhfhoinsí lámhscríbhinní fós aige de réir na socruithe nua.

Iníúcháirí

Tá curtha in iúl ag na hiniúcháirí, Duignan Carthy O'Neill, Cuntasóirí Cairte, go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh in oifig de réir fhorálacha Alt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

James Ivan McGuire

Michael Kennedy

Stiúrthóir

Stiúrthóir

Dáta: an 24 Feabhra 2014

Tuarascáil Neamhspleách na nIníúchóirí

Rinneamar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta a iniúchadh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013, lena n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus na nótaí agus beartais chuntasaíochta a ghabhann leo. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Dlí na hÉireann agus na cleachtais chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (na Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn).

Tuarascáil Neamhspleách na nIniúcháirí
chui g na baill de
Choimisiún Lámhscríbhinní Éireann
Teoranta

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúcháirí faoi seach

Mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach 16, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as léargas ffrinneach, cóir a thabhairt. Is í an fhreagracht atá orainne na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a chur in iúl ina dtaobh de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Éilítear orainn leis na caighdeáin sin cloí le Caighdeáin Eiticíúla an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Ní thugtar an tuairisc seo ach amháin do chomhaltaí na cuideachta, mar ghrúpa, de réir alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Tugadh faoinár n-obair iniúchta ionas go bhféadaimis a lua do chomhaltaí na cuideachta na hábhair sin a éilítear orainn a lua i dtuairisc iniúchóra, agus ní chun aon chríche eile. Oiread agus is féidir de réir an dlí, ní ghlacaimid aon fhreagracht d'aon duine seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar ghrúpa, as ár n-obair iniúchta, as an tuairisc seo, ná as na tuairimí ar thámgamar orthu.

Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise dhóthanach a bhailiú i dtaca leis na suimeanna a luaitear agus leis na nithe a nochtar sna ráitis airgeadais chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais sin saor ó aon mhíshonrú ábhartha, cibé acu a bhí calaois nó feall ina gcúis leis. Chun na críche sin, meastar: cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do dhálaí na cuideachta agus atá nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach agus nocht go himleor; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta arna ndéanamh ag na Stiúrthóirí; agus leagan amach na ráiteas airgeadais ar an iomlán. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis ar fad i dTuairisc na Stiúrthóirí, cibé acu a bhaineann nó nach mbaineann sí le cúrsaí airgeadais, d'fhonn sainaitheint a dhéanamh ar aon neamhréir ábhartha atá ann sna ráitis airgeadais arna n-iniúchadh. Sa chás go dtugaimid aon mhíshonrú nó aon neamhréir ábhartha faoi deara, déanaimid na himpleachtaí a mheas le haghaidh ár dtuairisce.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Inár dtuairim:

- tugtar sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart agus de réir na gcleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn, léargas ffrinneach cóir ar staid ghnóthaí na cuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2013 agus ar a barrachas don bhliain chéanna; agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gceanglas a leagtar síos in Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

Ábhair a n-éilítear orainn le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013, tuairisciú orthu

- Fuaireamar gach faisnéis agus gach míniúchán a mheasaimid a bhí ag teastáil uainn chun críche ár n-iniúchta.
- Inár dtuairim, choimeád an chuideachta leabhair iomchuí cuntas.
- Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Ábhair a n-éilítear orainn tuairisciú orthu de réir eisceachta

Níl aon rud le tuairisciú againn i leith forálacha d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013, lena n-éilítear orainn tuairisciú duit sa chás, inár dtuairim, nach nochtar luach saothair na stiúrthóirí ná na hidirbhearta a shonraítear sa dlí.

**84 Bóthar Northumberland
Baile Átha Cliath 4**

Dáta: an 25 Feabhra 2014

**Liam McQuaid
Thar ceann
Duignan Carthy O'Neill
Cuntasóirí Cairte agus
Iniúcháirí Cláraithe**

Cuntais Iniúchta

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

		Oibríochtaí a leanann ar aghaidh	
		2013	2012
		€	€
	Nótaí		
Ioncam – Díolacháin Leabhar	2	18,596	11,360
Ríchíosanna		2,435	933
Costas díolachán réamh-mheasta		(79,051)	(130,855)
(Easnamh) oibriúcháin		<u>(58,020)</u>	<u>(118,562)</u>
Deontais ón Roinn Ealaíon,			
Oidhreacht agus Gaeltachta	3		
- Deontas Bliantúil		245,000	245,000
- Deontas Historia		25,000	40,000
- Scaoileadh deontais iarchurtha		—	271
- Comhiomlánóir Náisiúnta		7,739	17,133
Ioncam ilghnéitheach		676	1,332
Costais riaracháin		(62,514)	(58,692)
Costais eagarthóireachta agus foilsitheoireachta		(65,808)	(70,707)
Costais oifige		(32,466)	(25,581)
Barrachas don bhliain	4	<u>59,607</u>	<u>30,194</u>
Ús infhaighte agus ioncam cosúil		428	1,158
Barrachas coinnithe don bhliain	12	<u>60,035</u>	<u>31,352</u>

Níl aon sochar ná dochar aitheanta ann seachas an barrachas don dá bhliain airgeadais thuas.

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 24 Feabhra 2014 agus chuir na daoine seo a leanas a lámha leo thar a cheann:

James Ivan McGuire

Stiúrthóir

Michael Kennedy

Stiúrthóir

AN CLÁR COMHARDAITHE

An Clár Comhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2013

An Choimisiún Lamhscríbhinní na hEireann Teoranta, Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal Aici

	Nótaí	2013 €	2012 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inlámhsithe	7	8,398	1,842
Sócmhainní Reatha			
Stoc	8	16,002	18,674
Féichiúnaithe	9	10,526	7,342
Airgead sa bhanc agus ar láimh		524,359	476,081
		<u>550,887</u>	<u>502,097</u>
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin			
	10	(20,890)	(31,579)
Ioncam iarchurtha			
	11	(42,219)	(36,219)
		<u>(63,109)</u>	<u>(67,798)</u>
Glansócmhainní Reatha		<u>487,778</u>	<u>434,299</u>
Iomlán na Sócmhainní Líide Dlíteanais Reatha		<u>496,176</u>	<u>436,141</u>
Caipiteal agus Cúlchistí			
Ranníocaíocht Chaipitil	12	154,831	154,831
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	12	341,345	281,310
Cistí	13	<u>496,176</u>	<u>436,141</u>

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 24 Feabhra 2014 agus chuir na daoine seo a leanas a lámha leo thar a cheann:

James Ivan McGuire	Michael Kennedy
Stiúrthóir	Stiúrthóir

AN RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID

An Ráiteas Sreabhaidh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013

	2013	2012
	€	€
Réiteach an bharrachais oibriúcháin leis an nglanmhéid		
Insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas oibriúcháin	59,607	30,194
Dímheas	1,049	1,193
Laghdú ar stoc	2,672	10,042
Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe	(3,184)	4,612
(Laghdú)/Méadú ar chreidiúnaithe	(10,689)	11,325
Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin	49,455	57,366
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid		
Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin	49,455	57,366
Torthaí ar infheistíochtaí agus ar fhónamh a dhéanamh ar airgeadas	428	1,158
Caiteachas caipitiúil	(7,605)	(1,952)
Ioncam iarchurtha	6,000	(271)
Méadú ar airgead sa bhliain	48,278	56,301
Réiteach an ghlansreafa airgid le gluaiseacht na nglanchistí		
Méadú ar airgead sa bhliain	48,278	56,301
Glanchistí amhail ar an 1 Eanáir 2013	476,081	419,780
Glanchistí amhail ar an 31 Nollaig 2013	524,359	476,081

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013

1. Beartais Chuntasaíochta

1.1. *Bonn a n-ullmhaithe*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn agus reachtanna Éireannacha, lena n-áirítear Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Is éard atá i gceist le cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn a thugann léargas fírinneach cóir ná na cleachtais a bhfoilsíonn Cuntasóirí Cairte na hÉireann iad agus a n-eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais iad.

1.2. *Ioncam*

Léiríonn ioncam an t-ioncam iomlán a fuarthas mar thoradh ar dhíolacháin leabhar a bhaineann leis an mbliain.

1.3. *Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas*

Déantar foráil don dímeas ar na rátaí bliantúla seo a leanas, a ríomhtar chun an costas a dhíscríobh, lúide luach iarmharach gach aon sócmhainne seasta thar a saolré ionchais ar bhonn na líne dírí.

Daingneáin, feisteas agus ríomhairí – 20%

Déantar athbhreithniú ar luachanna anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe ar bhonn bliantúil le sainaitheint a dhéanamh ar aon bhearnú i dtréimhsí i gcásanna ina dtugann athruithe ar na cúinsí le fios go bhféadfadh sé nach mbeadh an luach anonn in-aisghabhála.

1.4. *Stoc*

Luacháiltear stoc leabhar ar a chostas nó ar a ghlanluach infhála, cibé acu is ísle. Mar gheall ar go ndíoltar formhór na leabhar sa chéad dá bhliain i ndiaidh dháta a bhfoilsithe, tá na stiúrthóirí den tuairim nach ceart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain roimh an deireadh bliana a chur san áireamh i luach an stoic. Sonraítear an chuid eile den stoc leabhar mar leabhair nach ndíoltar ach anois is arís nó mar stoc críon.

1.5. *Pinsín*

Léiríonn na costais pinsean a muirearaíodh sna ráitis airgeadais iomlán na rannfócaíochtaí a bhí iníoctha ag an gcuideachta i gcaitheamh na bliana.

Cuirtear na costais rialta a bhaineann le pinsín scoir agus leis na sochair bhainteacha a chur ar fáil chun dochair an chuntais ioncaim agus caiteachais thar shaolré seirbhíse na bhfostaithe ar bhonn céatadán seasmhach den tuilleamh.

1.6. *Cáin*

Tá an chuideachta díolmhaithe ón gcáin mar gheall ar a stádas carthanachta. (Uimhir Chánach Carthanais: 17206)

1.7. *Deontais rialtais*

Cuirtear deontais le haghaidh caiteachas caipitiúil chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais thar saolré ionchais mheasta na sócmhainní. Cuirtear deontais le haghaidh caiteachas ioncaim chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais tráth a dtabhaítear an caiteachas bainteach.

2. Ioncam

Fuarthas ioncam iomlán na cuideachta don bhliain mar thoradh ar a príomhghníomhaíocht arna déanamh ina hiomláine in Éirinn.

3. Deontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

	2013	2012
	€	€
Deontas Bliantúil	245,000	245,000
Deontais aonuaire le haghaidh tionscadail speisialta	32,739	57,133
Scaoileadh deontais iarchurtha (Nóta 11)	—	271
	<u>277,739</u>	<u>302,404</u>

Is ann do dhliteanas teagmhasach lena n-éilítear aisíoc deontas rialtais sa chás nach n-úsáidtear an deontas sin chun na críche ar cuireadh ar fáil é lena haghaidh.

4. Barrachas don bhliain

	2013	2012
	€	€
Luaitear an barrachas don bhliain tar éis na rudaí seo a leanas a mhuirearú:		
Dímheas sócmhainn inláimhsithe	1,049	1,193
Airgead Oinigh an Chathaoirligh	—	—
Luach saothair na n-iniúcháirí		
- Iniúchadh	1,845	1,845
- Obair chuntasaíochta, rúnaíochta, chánachais agus phárolla	<u>2,696</u>	<u>2,696</u>

5. Fostaithe

Líon na bhfostaithe

B'ionann meánlíon míosúil na bhfostaithe le linn na bliana agus:

	2013	2012
	Líon	Líon
Líon na bhfostaithe (Riarthóir agus Cathaoirleach san áireamh)	<u>2</u>	<u>2</u>

Déantar anailísiú ar na costais foirne sa chuntas ioncain agus caiteachais mar seo a leanas:

	2013	2012
	€	€
Tuarastail	72,401	69,139
Pinsín	5,995	5,741
Airgead Oinigh an Chathaoirligh	—	—
Costais Leasa Shóisialta	7,153	6,847
	<u>85,549</u>	<u>81,727</u>

6. Costais pinsean

B'ionann na costais pinsean agus €5,995 (2012 – €5,741).

7. Sócmhainní inláimhsithe

	Daingneáin agus feistis	Iomlán
	€	€
Costas		
Amhail ar an 1 Eanáir 2013	31,238	31,238
Breiseanna	<u>7,605</u>	<u>7,605</u>
Amhail ar an 31 Nollaig 2013	<u>38,843</u>	<u>38,843</u>
Dímheas		
Amhail ar an 1 Eanáir 2013	29,396	29,396
Muirear don bhliain	<u>1,049</u>	<u>1,049</u>
Amhail ar an 31 Nollaig 2013	<u>30,445</u>	<u>30,445</u>
Glanluach de réir na leabhar		
Amhail ar an 31 Nollaig 2013	<u>8,398</u>	<u>8,398</u>
Amhail ar an 31 Nollaig 2012	<u>1,842</u>	<u>1,842</u>

Rinneadh an chuideachta a chorprú ar an 24 Eanáir 2006 agus thug Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann mar bhronntanas di troscán agus trealamh oifige eile de luach measta €48,710. Aithnítear na sócmhainní seo sna suimithe thuas ar luach ainmniúil €1.

8. Stoc

	2013	2012
	€	€
Earraí críochnaithe – Leabhair	16,002	18,674

Luacháiltear stoc leabhar ar a chostas nó ar a ghlanluach infhála, cibé acu is ísle.

9. Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

	2013	2012
	€	€
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	10,526	7,342

10. Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

	2013	2012
	€	€
Cánacha agus costais leasa shóisialta eile – ÍMAT/ÁSPC	6,145	6,829
Fabhruithe	14,745	24,750
	20,890	31,579

11. Ioncam iarchurtha

	2013	2012
	€	€
Deontais rialtais		
Amhail ar an 1 Eanáir 2013	36,219	36,490
Méadú sa bhliain	6,000	—
	42,219	36,490
Scaoilte sa bhliain	—	(271)
Amhail ar an 31 Nollaig 2013	42,219	36,219

Baineann na Deontais Rialtais iarchurtha le hairgead breise a fuarthas i ndáil le tionscadail foilsithe leabhar. Ní raibh na tionscadail seo curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana.

12. Cúlchistí cothromais

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais €	Ranníocaíocht chaipitiúil €	Iomlán €
Amhail ar an 1 Eanáir 2013	281,310	154,831	436,141
Barrachas coinnithe don bhliain	60,035	—	60,035
Amhail ar an 31 Nollaig 2013	341,345	154,831	496,176

13. Réiteach an ghlanathraithe ar chistí

	2013	2012
	€	€
Barrachas don bhliain	60,035	31,352
Cistí tosaigh na scairshealbhóirí	436,141	404,789
	496,176	436,141

14. Ranníocaíocht chaipitiúil

Rinneadh an chuideachta a chorprú ar an 24 Eanáir 2006 agus thug Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann mar bhronntanas di €130,731 in airgead tirim agus stoc leabhar de luach €24,100. Tugadh mar bhronntanas di freisin troscán agus trealamh oifige eile agus tá siad san áireamh sna ráitis airgeadais ar luach ainmniúil €1. Is ionann an ranníocaíocht chaipitiúil agus €154,831 dá bharr sin.

15. Idirbhearta páirtithe bainteacha

Aisíoctar le stiúrthóirí aon chostas a thabhaíonn siad agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas.

Chomhaontaigh an chuideachta le hOifig na nOibreacha Poiblí nach mbeadh aon chíos iníoctha as úsáid an spáis oifige.

16. Máthairghnóthas deiridh

Tá an chuideachta faoi rialú a comhaltaí agus Bhord na Stiúrthóirí.

17. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 24 Feabhra 2014 agus chuir na daoine seo a leanas a lámha leo thar a cheann:

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

Michael Kennedy
Stiúrthóir

TUAIRISC BHLIANTÚIL AR AN ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2013

Forbheathnú ar an Úsáid Fuinnimh in 2013

Tá foirgneamh á roinnt ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus ag Cartlann Ailtireachta na hÉireann, atá suite ag 45 Cearnóg Mhuirfean. Ríomhtar úsáid fuinnimh de réir roinnte 20:80 idir an Coimisiún agus an Chartlann bunaithe ar áitiú an spáis sa teach.

Baineann an chuid is mó den fhuinneamh a úsáideann an Coimisiúin le téamh (gás nádúrtha arna sholáthar ag an mBord Gáis), le soiliú agus le cumhacht (leictreachas arna sholáthar ag Airtricity) agus le seirbhísí uisce (arna soláthar ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath).

In 2013, d'ídigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann 41 MWh d'fhuinneamh, a bhí comhdhéanta de:

- 17 MWh de leictreachas (20% d'úsáid iomlán an fhoirgnimh, arb ionann í agus 87 MWh)
- 24 MWh de bhreolaí iontaiseacha (20% d'úsáid iomlán an fhoirgnimh, arb ionann í agus 119 MWh)
- Tháinig 3.4 MWh den 17 MWh de leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite.¹

Ríomhtar muirir uisce ar bhonn cóimheasa 20:80 freisin. Le linn 2013, úsáideadh 74 méadar ciúbach d'uisce *san fhoirgneamh ina iomláine*.

Feidhmíocht ó thaobh fuinnimh de

Tá aon bhuanfhostaí amháin ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus úsáidtear fuinneamh ar an mbealach is éifeachtúla, oiread agus is féidir i bhfoirgneamh Seoirseach athchóirithe.

¹ Nochtadh Airtricity maidir leis an Meascán Breoslaí Eanáir 2010 go Nollaig 2010; b'ionann an méid leictreachais a sholáthar Airtricity ó fhoinsí in-athnuaite agus 24% den soláthar iomlán (i bhfaisnéis billeála Airtricity, 17/1/14).